Athbhreithniú Polasaí Riachtanas Speisialta

Baineann an Polasaí seo le scoláirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, foireann teagaisc agus Bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/Ros Comáin

Clár:

1. Treoirlínte agus Cáipéisí.
2. Aidhm an pholasaí.
3. Achtanna ábhartha.
4. Sainmhiniú ar Riachtanas speisialta.
5. Ciorclán 0014/2017.
6. Ról an Tuismitheora/Caomhnóra.
7. Ról Fhoireann na Scoile
   A. Ról an Bhord Bainistíochta.
   B. Ról an Phríomhoide/Leas Phríomhoide.
   C. Ról an Mhúinteora Ranga.
   D. Ról an Mhúinteora Tacaíochta Foghlama.
   E. Ról an Mhúinteora Treorach.
   F. Ról an Mhúinteora Caidrimh Baile.
   G. Ról an Scoláire le Riachtanas Speisialta.

1. **<u>Tá an polasaí athbhreithnithe seo bunaithe go príomha ar na treoirlínte atá le fáil sna cáipéisí seo a leanas:</u>**

- Ciorclán 14/17
- Treoirlínte d'Iarbhunscoileanna "Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu" 2017.
- Contanam Tacaíochta NEPS.
- Pacáiste Acmhainní NEPS.

2. **<u>Aidhm an Pholasaí</u>**

Is í aidhm an pholasaí seo ná:

- Sainmhíniú a thabhairt ar céard is riachtanas speisialta ann de réir na n-achtanna a bhaineann le riachtanais speisialta.
- Soiléiriú a dhéanamh ar an ról atá ag gach baill d'fhoireann na scoile i gcúrsaí riachtanas speisialta.
- Oideachas Uileghabhálach a fhorbairt agus a chur chun cinn sa scoil.
- Teagmháil mhaith a chothú i bpobal na scoile chun comhoibriú a fhorbairt ar son gach scoláire, iad siúd le riachtanais speisialta san áireamh.
- Timpeallacht sábháilte agus comhbhách a chur ar fáil inár féidir le gach scoláire a lánachmhainneacht a chomhlíonadh.
- A chinntiú go bhfaigheann gach scoláire cothrom na féinne ó thaobh rochtain chuig an gcuraclam atá siad i dteideal de réir an Acht Riachtanais Oideachais Speisialta (2004).

3. Achtanna ábhartha

De réir roinn 9 den Acht Oideachais (1998) caithfidh gach scoil a chinntiú go n-aithnítear agus go ndéantar freastal ar Riachtanas Oideachasúil gach scoláire, iad siúd a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta acu san áireamh. Tá sé mar aidhm ag an Acht Oideachais (2004), Roinn 13 a chinntiú go mbeidh na cearta céanna oideachasúla ag scoláirí le Riachtanais Speisialta agus go mbeidh siad in ann leas cheart a bhaint as, mar atá a gcomhscoláirí.

Leiríonn an tAcht Riachtanais Oideachais Speisialta (2004) gur ceart é an tOideachas uileghabhálach i ngach scoil. Dearbhaíonn sé go bhfuil na cearta céanna ag daoine le riachtanais speisialta oideachais páirt a ghlacadh in oideachas agus tairbhe a bhaint as agus atá ag daoine nach bhfuil na riachtanais sin acu. Fórálann sé go gcuirtear oideachas ar dhaoine le riachtanais speisialta Oideachais i dtimpeallacht chuimsitheach, chomh fada agus is féidir.

4. Sainmhiniú ar Riachtanas speisialta.

De réir Acht um Oideachais do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais (2004);

'Áirítear tú mar dhuine le Riachtanas Speisialta Oideachais mura bhfuil sé ar do chumas a bheith páirteach go hiomlán in oideachas agus tairbhe a bhaint as mar gheall ar míchumas buan, bíodh sé fisiceach, céadfach, meabhairshláinteach nó foghlamtha.'

5. Ciorclán 0014/2017

Tá trí leibhéal i gceist sa mhúnla nua tacaíochta foghlama

- Leibhéál 1: Tacaíocht do chách
- Leibhéál 2: Tacaíocht do chuid
- Leibhéál 3: Tacaíocht do líon beag scoláirí

Leibhéál 1: Tacaíocht do chách

- Caithfidh foireann iomlán na scoile timpeallacht dhearfach agus shábhailte a chruthú sa scoil.
- Caithfidh na múinteoirí timpeallacht dhearfach foghlama a chruthú sa scoil. Beidh difreáil, measúnú chun foghlama i bhfeidhm sna ranganna agus cuirfear rogha de Chláir Fhoghlama L2 ar fáil do scoláirí le Neamhord Ginearálta Foghlama a bheadh sa réimse mion/meánach.
- Beidh córas iompraíochta éifeachtach i bhfeidhm sa scoil.
- Aithneofear deacrachtaí iompraíochta/sóisialta/meabhairshláinte agus foghlama go luath ag cruinnithe rialta de chuid CoisteTacaíochta na Scoile (deánfaidh gach múinteoir scoláirí a mbíonn údar imní fúthu a atreorú chuig an gCoiste Tacaíochta agus baileofar sonraí go luath faoi scoláirí a mbíonn údar imní fúthu ag úsáid seicliostaí oiriúnacha as pacáiste acmhainní NEPS).
- Cuirfear treanáil oiriúnach ar fáil do mhúinteoirí ón STOS (SESS).
- Nuair a theipeann ar idirghabhálacha ag léibhéal 1, deánfaidh an coiste tacaíochta scoláirí a atreorú chuig léibhéal a 2.
- Déanfar tástálacha caighdeánacha Gaeilge, Béarla agus Mata le scoláirí 1ú /2ú bliain i mí Bealtaine gach bliain; Déanfar tástálacha Mata agus Béarla leis an 3ú/4ú bliain i mí Bealtaine chomh maith. Tógfar torthaí na dtástálacha seo san áireamh agus roghnúchán á dhéanamh maidir leis an leibhéal tacaíochta a chuirfear ar fáil do scoláirí más gá.
- Iarrtar ar na bunscoileanna aon eolas atá acu maidir le scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais a sheoladh ar aghaidh chuig príomhoide Choláiste na bPiarsach i bhfoirm pásanna oideachais, chomh maith le tástáil oideachasúil nó siceolaíochta. Coinnítear an t-eolas seo faoi rún.
- Ag tús na scoil bhliana, cuirfear eolas faoina scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais ar fáil do ghach múinteoir, le cead ón Tuismitheoir/Caomhnóir. Tugtar le fios do chuile mhúinteoir go bhfuil an t-eolas rúnda agus déantar pléigh ar thástáil an tsiceolaí maidir leis an riachtanas speisialta agus na moltaí atá tugtha. Beidh sé ar chumas an mhúinteora an t-eolas seo a chur in oiriúint dá scoláirí más amhlaidh.

Leibhéál 2: Tacaíocht do chuid

- Is féidir scoláire a atreorú chuig léibhéál a 2/3 má aithnítéar an gá sin i dtuairiscí síceolaíochta, tuairiscí ó bhéal, nó aon fhianaise eile.
- Cuirfear tacíochtaí breise ar fáil do roinnt scoláirí le deacrachtaí iompraíochta/meabhairshláinte/foghlama nó sóisialta (le tacaíocht ó mhúinteoirí bliana nó baill eile foirne de réir mar is caoi). D'fhéadfaí gur ranganna tacaíochta foghlama aonair a bheadh anseo nó teagasc do ghrúpa beag msh. a bheadh ag feidhmiú ag léibhéal níos ísle nó a bheadh ag léibhéal eisceachtúil, nó tacaíocht sna ranganna tríd buíonteagasc.
- Cuirfear coinníollacha RACE i bhfeidhm do ghach scoláire ina theideal.
- Casfaidh comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais nó ball eile den fhoireann riachtanais speisialta oideachais le príomhoidí & múinteoirí acmhainní sna bunscoileanna áitiúla ina mbeidh scoláirí, atá aitheanta le riachtanais oideachais, ag teacht isteach i gColáiste na bPiarsach sa chéad bhliain.
- Casfar le tuismitheoirí/caomhnóirí más gá freisin, chun breis eolais a bhailiú, faoina scoláirí atá aitheanta. Casfar le tuismitheoirí/ caomhnóirí go rialta i rith na scoil bhliana chun dul chun cinn scoláirí a phléigh.
- Pléann an fhoireann RSO na scoláirí ar fad atá i dteideal tacaíochta foghlama ag cruinnithe rialta, i dtaca le múinteoirí a bhíonn i mbun ranganna le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Eagrófar tuilleadh measúnaithe ar na scoláirí seo ag úsáid seicliostaí srl. de réir mar is caoi.
- Beidh 'Comhad Tacaíochta do Dhaltaí' ag gach scoláire ag léibhéal a 2/3, ina gcoinneofar taifead ar na tacaíochtaí a tugadh, agus a bheidh coinnithe faoi ghlas.
- Le haghaidh gach idirghabháil a chuirtear i bhfeidhm ag leibhéil 2/3, lorgófar inchur agus cead an tuismitheora.
- I gcás go bhfuil tacaíocht aonair ag teastáil ó scoláire, déanfar gach iarracht an scoláire a bhaint amach as ranganna nach bhfuil roghnaithe acu don scoil bhliain. I gcásanna nach féidir é seo a dhéanamh, bíonn béim ar theagmháil mhaith idir na múinteoirí tacaíocha agus na múinteoirí ranga chun dul chun cinn an scoláire a fhorbairt san ábhar sin.
- Tógfar tástáil an tsiceolaí san áireamh chun plean oideachasúil a chur le chéile don scoláire sin.

Leibhéál 3: Tacaíocht do líon beag scoláirí.

- Mura léir, tar éis tréimhse oiriúnach idirghabhálach agus athbhreithnithe, nach bhfuil tacaíocht leibhéal a 2 chun dul i ngleic go héifeachtach le deacracht a bhíonn ag scoláirí, is cóir go ndeánfadh an fhoireann RSO an scoláire sin a atreorú do thacaíochtaí leibhéal a 3. Is éard atá anseo ná cúram níos tréine agus níos dírithe ar an scoláire aonair. Déantar teagmháil le heagraíochtaí seachtracha (msh. NEPS, CAMHS, agus teiripeoirí srl) más gá.
- Tógtar tástáil an tsiceolaí san áireamh chun plean oideachasúil a chur le chéile don scoláire sin.
- Déanfar teagmháil le scoláirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí agus NEPS srl, nuair atá plean aonair á fhorbairt do na scoláirí seo.
- Deánfar agallamh, breathnadóireacht, taifead a choinneáil agus úsáidfear seicliostaí chun láidreachtaí agus riachtanais scoláirí a aithint agus a mheas ar bhun rialta.
- Deánfar spriocanna a leagan amach ag baint úsáide as straitéisí réalaíocha len é sin a dhéanamh.
- Forbrófar cur chuige le réimsí straitéisí, chun dul i ngleic le mí-iompar atá ar scála fíor ard.
- Déanfar scoláirí a atreorú chomh luath agus a aithnítear an gá chuig seirbhísí seachtracha, msh. CAMHS.

6. Ról an Tuismitheora/Caomhnóra

Is í an chlann an príomh oideachasóir, mar sin, glacann Tuismitheoirí/Caomhnóirí do scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais ról fíorthábhachtach in aithint, agus ag tacú lena ngasúr. Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí an t-eolas ar fad a chur ar aghaidh nuair atá na foirmeacha iontrála á líonadh isteach acu.

7. Ról Fhoireann na Scoile

Tá na rólanna seo a leanas leagtha síos de réir treoirlínte na Cigireachta a éisíodh i 2007 i dtaobh oideachas cuimsitheach a chur ar fáil do scoláirí le riachtanais speisialta san iarbhunscoil.

a. An Bord Banistíochta:

- Déanamh cinnte go bhfuil polasaí Riachtanais Speisialta sa scoil a dhéanann forbairt ar thimpeallacht Oideachais uileghabhálach do scoláirí le riachtanais speisialta.
- Socraithe athbhreithniúcháin a dhéanamh ar réimse soláthar curaclam chun a chinntiú go bhfuil cláracha feiliúnacha ar fáil do ghach scoláire le riachtanas speisialta.
- Déanamh cinnte go bhfuil socraithe i gcomhair socruithe reasúnta déanta do scoláirí le riachtanais speisialta sna scrúduithe stáit.
- Cur le forbairt in aithint scoláirí le riachtanais speisialta i measc fhoireann na scoile chun timpeallacht uileghabhálach a chothú i bpobal na scoile.
- Tacaíocht a thabhairt i dtaobh forbairt proifisiúnta múinteoirí a bhaineann le riachtanais speisialta.
- Páirt a ghlacadh i stóráil agus in aistriú doiciméad rúnda a bhaineann le scoláirí le riachtanais speisialta agus áit shábháilte a chur ar fáil chun na doiciméid seo a stóráil.
- A chinntiú go bhfuil acmhainní oiriúnacha ar fáil, acmhainní ón Roinn Oideachais agus Scileanna san áireamh, do scoláirí le riachtanais speisialta.

b. Ról an Phríomhoide/Leas phríomhoide:

- Oibriú le Bord Bainistíochta na scoile, múinteoirí agus tuismitheoirí i dtaobh forbairt, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú polasaithe scoile a dhéanann forbairt ar Oideachas uileghabhálach do scolairí le riachranais speisialta.
- A chinntiú go bhfuil cur síos ar pholasaithe den saghas seo i bplean na scoile.
- Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar cur i bhfeidhm polasaithe scoile chomh maith le soláthar cláir/acmhainní do riachtanais spéisialta.
- Dul i dteagmháil mar a theastaíonn leis na heagraíochtaí oiriúnacha chomh maith leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, NEPS, FSS srl.
- Freagrach as tuairicsí scoláirí a stóráil go rúnda.

c. Ról an Mhúinteora Ranga:

- Tá sé mar dhualgas ar an múinteoir ranga a chinntiú go bhfuil timpeallacht agus clár foghlama feiliúnach ar fáil do ghach scoláire, iad siúd le riachtanais speisialta san áireamh, a thugann gach deis dóibh a gcuid foghlama a fhorbairt agus an curaclam a aimsiú.
- Tá ról tábhachtach ag an múinteoir ranga na scoláirí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ó thaobh deacrachtaí iompraíochta/sóisialta/meabhairshláinte agus foghlama, a chur in aithne do bhaill CoisteTacaíochta na Scoile.
- Tá ról fíorthábhachtach ag múinteoirí ranga chun timpeallacht tacaíochta, tuisceanach a chothú sa scoil do scoláirí le riachtanais foghlama a chuireann béim ar a gcuid láidreachtaí agus a chuireann lena n-ábaltacht lánpháirt a ghlacadh i bpobal na scoile.
- Ba cheart go mbeadh difrealú á chur i bhfeidhm sa rang chun dul i ngleic le riachtanais na scolairí seo. Is bealach é difrealú ina féidir le múinteoirí ranga tacú le timpeallacht uileghabhálach a chothú sa scoil.
- Iarrtar ar mhúinteoirí ranga smaoineamh ar riachtanais scoláirí agus iad ag roghnú téacsleabhar; i mbun cúrsaí pleanála; ag socrú obair bhaile agus ag leagan amach scrúduithe ranga nó deireadh téarmach.
- Tá sé iarrtha ar na múinteoirí ranga iad féin a oiliúint ar na riachtanais atá ag na scoláirí áirithe ina rang agus a bheith páirteach i bpleanáil aidhmeanna féiliúnacha do na scoláirí sin.
- Tá ról tábhachtach ag na múinteoirí ranga i monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí le riachtanais speisialta i bpáirt leis an bhfoireann RSO.
- Is féidir le múinteoirí ranga tuismitheoirí/caomhnóirí a choinneáil ar an eolas ar dhul chun cinn scoláirí le riachtanais speisialta trí chruinnithe múinteoirí/tuismitheoirí, tuairiscí scoile, agus iad féin a chur ar fáil ó am go chéile chun bualadh le tuismitheoirí de réir mar a oireann sé.
- Is féidir le múinteoirí ranga cur le pleanáil forbartha na scoile do scoláirí le riachtanais speisialta trí phleanáil straitéiseach ag leibhéal na roinn ábhair.
- Tá gá le teagmháil láidir idir mhúinteoirí ranga agus fhoireann RSO na scoile chun dul chun cinn scoláirí le riachtanais speisialta a fhorbairt.

d. Ról an Mhúinteora Oideachais Speisialta:

- Comhairle a thabhairt d'fhoireann na scoile ar straitéisí múinteoireachta/acmhainní feiliúnacha do scoláirí le riachtanais speisialta.
- Comhairle a thabhairt conas dáiliúchán éifeachtach a dhéanamh ar uaireanta oibre an chuntóra riachtanais speisialta sa scoil.
- Páirt a ghlacadh i bpleanáil polasaithe scoile a bhaineann le tástálacha, obair bhaile agus pleanáil aonarach do scoláirí le riachtanas speisialta.
- Páirteach i roghnú scoláirí do na leibhéil éagsúla tacaíochta (L.1,2,3) sa scoil.
- Roghnú agus cothabháil acmhainní foghlama do scoláirí le riachtanais speisialta.
- A bheith páirteach sa phróiseas eagrúcháin a bhaineann le hiarratais i gcomhair socruithe reasúnta do scolairí le riachtanais speisialta sna scrúduithe stáit.
- Teagmháil a dhéanamh le lucht proifisiúnta a bhaineann le scoláirí le riachtanais speisialta a thugann cuairt ar an scoil.
- Cur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar scoláirí a bhfuil gnóthachtáil oideachasúil íseal acu chomh maith leo siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu.
- Tacaíocht proifisiúnta a chur ar fáil d'fhoireann na scoile maidir le scoláirí le riachtanais speisialta.
- A bheith páirteach sa phleanáil i gcur le chéile plean tacaíochta aonair do scoláirí nuair is gá.
- Tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas go rialta maidir le dul chun cinn an scoláire le riachtanas speisialta agus chun pléigh a dhéanamh ar chúrsaí eile a thagann chun cinn i rith na bliana.

e. Ról an Mhúinteora Treorach:

- Tá páirt lárnach ag an múinteoir treorach i dtimpeallacht uileghabhálach a chothú do scoláirí le riachtanais speisialta i bpáirt leis an bhfoireann RSO.
- Ba cheart go mbeadh treoir pearsanta chomh maith le tacaíocht ar fáil do scoláirí le riachtanais speisialta – agus dá dtuismitheoirí/caomhnóirí de réir mar a theastaíonn sé.
- Ba cheart go mbeadh comhairleoireacht agus tacaíocht do scoláirí le riachtanais speisialta mar pháirt den phlean uiletreorach na scoile.

- Tá ról tabhachtach ag an múinteoir treorach ag cuidiú le scoláirí le riachtanais speisialta ag na stáideanna difriúla a bhaineann le roghnúchán gairme a dhéanamh.
- Is féidir leis an múinteoir treorach cuidiú le socruithe a chur i bhfeidhm a thugann tacaíocht do scolairí le riachtanais speisialta an t-aistriú idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil a dhéanamh chomh maith le cuidiú le heolas a bhailiú ar na scoláirí sin.
- Is féidir leis an múinteoir treorach páirt a ghlacadh sa phróiséas measúnaithe i bpáirt le baill eile d'fhoireann na scoile.
- Is féidir leis an múinteoir treorach cúnamh a thabhairt foireann na scoile a chur ar an eolas faoi scoláirí le riachtanais speisialta agus comhairle a thabhairt dóibh ar conas is féidir cabhrú leis na scoláirí seo.

f. Ról an Mhúinteora Caidrimh Baile:

- Is féidir seirbhísí an mhúinteora caidrimh baile a chur san áireamh chun tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí scoláirí le riachtanais speisialta.
- Is féidir leis an múinteoir caidrimh baile cur le hobair foirne RSO chomh maith le foireann teagaisc na scoile i dtaobh scoláirí le riachtanais speisialta. Mar shampla, grúpa tacaíochta a chothú do thuismitheoirí/caomhnóirí scoláirí le riachtanais speisialta.

g. Ról an Scoláire le Riachtanas Speisialta:

- Páirt a ghlacadh, nuair is gá, sa phleanáil, cur i bhfeidhm, forbairt agus athbhreithniú.
- Ba cheart go mbeadh deis ag scoláirí le riachtanais speisialta a bheith rannpháirteach sa phróiséas bailiúcháin eolais, leagan síos aidhmeanna foghlama agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid dul chun cinn féin.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús an scoilbhliain 2020/21 nó níos tuisce má gá.

Faofa ag Bord Bainistíochta Coláiste na bPiarsach, Ros Muc ar an _____

Siniú Cathaoirleach an Bhoird: _____